

# Logainmneacha

## Aonad 11: Saothar na Scoláirí agus taighde an lae inniu



## Clár

Léann na logainmneacha

Scoláirí aitheanta

Taighde an lae inniu



Léann na logainmneacha

- Dinnseanchas
- Tionchar na gCambra-Normannach
- Tús Scoláireacht Nua-aimseartha ar Logainmneacha
  - John Colgan: 17ú haois
  - Scoláirí Angla-Éireannacha: 18ú haois .i. Mervyn Archdall, Edward Ledwich; Charles Vallancey
  - Bunú na Suirbhéireachta Ordanáis in Éirinn (1824)



Scoláirí aitheanta

- Seán Ó Donnabháin (1806–1861)
- P.W. Joyce (1827–1914)
- ‘An Seabhac’(1883–1964)
- Liam Price (1891–1967)

# Seán Ó Donnabháin

- Rugadh in 1806 ag Áit an Tí Móir, Co. Chill Chainnigh
- Cúlra
- Scolaíocht
- Post le James Hardiman mar scríobhaí



# Seán Ó Donnabháin: An tSuirbhéireacht Ordanáis

- Tús na hoibre: Deireadh Fómhair 1830
- Blianta tosaigh: leabharlanna acadúla Bhaile Átha Cliath. Bailiú foirmeacha éagsúla Béarla ó dhoiciméid stáit etc.
- Obair pháirce á déanamh ag foireann innealtóireachta na Suirbhéireachta Ordanáis
- Ceisteanna faoi litriú, foghraíocht etc., curtha ag an Donnabhánach chuig an fhoireann mhíleata/shibhialtach
- Fadhbanna a bhain leis sin



# Seán Ó Donnabháin: Obair Pháirce

- Seacht mbliana ag taisteal timpeall na hÉireann: 1834–41
- Modhanna Oibre
- Leaganacha deimhnithe Béarla de na logainmneacha a chur sna hAinmleabhair, chomh maith leis an logainm Gaeilge (agus aistriúchán)
- Cúinsí deacra taistil

# Seán Ó Donnabháin: Litreacha

- Léargas ar shaol na dtaighdeoirí agus iad i mbun obair pháirce, agus ar an saol in Éirinn na linne sin
- Léargas ar phearsantacht Sheáin Uí Dhonnabháin
- Tábhachtach mar fhoinsí logainmneacha iontu féin


# Tábhacht Sheáin Uí Dhonnabháin mar scoláire logainmneacha



- Chuir sé bonn faoi scoláireacht na logainmneacha in Éirinn
- Obair fhíorthábhachtach ar líon ollmhór ainmneacha (.i. thart ar 60,000)
- Eagar ar théacsanna eile, ar nós *Annála na gCeithre Máistrí*, atá tábhachtach mar fhoinsí iontu féin

# P.W. Joyce

- Rugadh gar do Ghleann Oisín, Co. Luimnigh, 1827
- Luathoideachas: scoileanna cois cláí
- Múinteoir bunscoile
- Príomhoide ar scoil oiliúna do mhúinteoirí 1874-1893



P.W. Joyce:

*Irish Names of Places: Imleabhar 1*

Logainm.ie

- Modhanna oibre & foinsí
- Gramadach na logainmneacha: athruithe stairiúla. Truailliú na bhfocal srl.
- Eachtraí stairiúla, finscéalta agus béaloideas
- Gnéithe de dhéantús an duine: bóithre, foirgnimh, reiligí, cabhsaí srl.
- Logainmneacha a bhaineann le gnéithe na tíre: sléibhte, lochanna, easanna, eanaigh srl.

# Imleabhar 2 & 3

- Ceapadh na logainmneacha; ainmneacha iasachta
- Ceirdeanna
- An ghrian, an mhuir
- Ríocht na n-ainmhithe/na bplandaí
- Alt gearr ar nósanna an Bhéarlaithe
- Liostaí de logainmneacha in Éirinn

- An chéad mhórchnuasach faoi logainmneacha, curtha faoi bhráid an phobail
- Thart ar 10,000 logainm pléite ann (Ó Muraíle, 2001b)
- Ba é an chéad duine a thuig tábhacht an *Townlands Index 1851* mar fhoinse logainmneacha

- “And now, having finished my task, I claim that the account given in this three-volume work of the place-names in Ireland, their classification, analysis, and etymologies, is fuller, in the first place, and, in the second place, rests on surer foundations, than the history of the place-names of any other country” (1913)



- Ní luann sé aon fhoinsí, nó ní i gcónaí a luann sé suíomh na logainmneacha féin
- Leagan amach seanfhaiseanta
- Mar sin, is fearr é a úsáid in éineacht le Flanagan (1981–2)

# ‘An Seabhac’: Pádraig Ó Siochfhradha

- Fear ildánach: údar, múinteoir, béaloideasóir, scoláire, ceoltóir srl.
- Ba é a spreag bunú an Choimisiúin Logainmneacha agus bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún ó 1946 go dtí a bhás in 1964.
- Bhí sé ina Éarlámh agus ina Uachtarán ar an dá Chumann Logainmneacha.
- Féach: Tríocha-céad Chorca Dhuibhne (Ó Siochfhradha. 1939)

- Scoláire amaitéarach
- Ba é ba thúisce a chuir le chéile ar an modh eolaíoch foclóir cuimsitheach d'ainmneacha contae ar leith
- Duine de bhunaitheoirí an Chumainn Logainmneacha
- Ina chomhalta de Choimisiún na Logainmneacha
- Féach: *The Place Names of County Wicklow* (Price. 1945–67)



Taighde an lae inniu

# Taighde an lae inniu

- An Coimisiún Logainmneacha
- An Brainse Logainmneacha
- Taighde Logainmneacha i dTuaisceart Éireann
- Locus
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003: tionchar an Achta ar thaighde an lae inniu

- **1946:** Bunaíodh an Coimisiún Logainmneacha  
Téarmaí tagartha:
  1. Scrúdú a dhéanamh ar logainmneacha na hÉireann agus cuardach a dhéanamh do cheartfhoirmeacha bunaidh Gaeilge na logainmneacha sin.
  2. Liostaí de na hainmneacha sin, ina bhfoirmeacha Gaeilge, a ullmhú chun a bhfoilsithe agus chun a n-úsáide go hoifigiúil.
- Gan foireann lánaimseartha
- **1955:** ó Choimisiún feidhmitheach go Coimisiún comhairleach

- Bunaíodh sa bhliain 1956.
- Luaite leis an tSuirbhéireacht Ordanáis.
- Foireann lánaimseartha taighde.
- *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist*
  - Modhanna taighde: foinsí stairiúla agus fuaimniú áitiúil.
  - Tosaíocht a thabhairt don leagan a d'úsáid na cainteoirí deireanacha Gaeilge
  - Stadás teoranta dlíthiúil ag na hainmneacha seo (An tAcht Logainmneacha 1973) agus stadás comhionann faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

- Leagan Gaeilge de Léarscáil na hÉireann, 1970.
- *Discovery Series*: léarscáileanna dátheangacha
  - Ainmneacha Gaeltachta as Gaeilge amháin, in amanna
- 1999: Aistríodh go dtí an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán. Deireadh leis an bhaint le cruthú mapaí.
- Obair do chomhlachtaí stáit eile .i. Rannóg an Aistriúcháin, An Gúm srl.
- Foilseacháin



# Taighde Logainmneacha i dTuaisceart Éireann

- Ulster Place Names Society  
<http://www.ulsterplacenames.org/>
  - BUPNS (1952–57, 1978–82)
  - Ainm (1986–)
- Tionscadal Logainmneacha Thuaisceart Éireann (1987–) <http://www.placenamesni.org/>
  - Foilseacháin
  - Tionscadal na Sráidainmneacha

- *Onomasticon Goedelicum* – Edmund Hogan, 1910
- Locus: tionscadal a tosaíodh i 1996
- Leagan inchuardaithe ar líne ag <http://publish.ucc.ie/doi/locus>
- Aidhm an Tionscadail: *Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge* a chur le chéile a fheidhmeoidh in áit *Onomasticon Goedelicum* mar an saothar tagartha caighdeánach sa réimse
- Go dtí seo: 3 fhascúl (Ainmneacha in A-, B- agus C-Ceall Fhursa)

# Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

- An tAcht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge) 1973.
  - Comhbhrí, comhfheidhm agus comhéifeacht ag na focail Ghaeilge leis an logainm.
  - Ach, go dlíthiúil, d’fhan an logainm i mBéarla amháin
- Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
  - Lasmuigh den Ghaeltacht: comhstádas agus comhfheidhm dhlíthiúil ag leaganacha Gaeilge agus Béarla
  - Sa Ghaeltacht: Ní bheidh feidhm ná éifeacht dhlíthiúil a thuilleadh leis an leagan Béarla den logainm sin.

- Coiste Logainmneacha Chorcaí
- Taighdeoirí aonair eile
- Irisleabhair, idir irisleabhair náisiúnta agus irisleabhair áitiúla
- Nomina: Society for Name Studies in Britain and Ireland: [www.snsbi.org](http://www.snsbi.org)



Sin é é